



An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2022  
(OR. fr, en)

10759/22

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2021/0211(COD)**

---

---

**CLIMA 330  
ENV 683  
ENER 344  
TRANS 455  
AGRI 300  
COMPET 553  
ECOFIN 684  
CODEC 1038**

## **NÓTA**

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle  
chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. ón gCoim.: 10875/21 - COM(2021) 551 final

---

Ábhar: An pacáiste 'Oiriúnach do 55' – CTA  
Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757

- Cur chuige ginearálta
- Dearbhú

---

## **RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN, ÓN EASTÓIN AGUS ÓN LAITVIA maidir le loingseoireacht gheimhridh in CTA**

Formhuiníonn an Fhionlainn, an Eastóin agus an Laitvia trádáil astaíochtaí a leathnú go dtí iompar mairí. Cuireann an Fhionlainn, an Eastóin agus an Laitvia i dtábhacht go gcaithfidh an treoir cothrom na Féinne a áirithiú i réimse an mhuiriompair agus nach ndéanfar idirdhealú idir na Ballstáit bunaithe ar shuíomh geografach. I ndáil leis an méid sin, ba phríomh-shaincheist í le linn na caibidlíochta a áirithiú go gcuirfear an t-ualach breise a bhaineann le dálaí oighir san áireamh go cuí agus astaíochtaí á dtrádáil. Is éard ba cheart a bheith i gceist leis sin coigeartú a dhéanamh ar an oibleagáid lamhátais CTA a thabhairt suas ar bhonn struchtúr long oighear-aicmithe agus ar bhonn loingseoireacht faoi dhálaí oighir araon.

Go háirithe sna réigiúin sin ina mbíonn dálaí oighir ann ar feadh na dtréimhsí is faide in aghaidh na bliana agus le linn geimhrí crua, is í loingseoireacht i ndálaí oighir is cúis le sciar mór den ualach a eascraíonn as loingseoireacht gheimhridh.

Beidh dálaí oighir i dtuaisceart an Aontais agus an gá atá ann iad a chur san áireamh go cothrom fós ann sna blianta atá le teacht. Dá bhrí sin, is é ár dtuairim nach leor gníomhú ar bhealach sealadach i dtaca leis an ábhar i reachtaíocht an Aontais. Beidh gá i gcónaí le longa oighear-aicmithe chun tionóiscí a sheachaint a bheadh ina gcúis le doirteadh ola agus ceimiceán a bheadh thar a bheith tubaisteach do mhuirtheimpeallacht Mhuir Bhailt, a sainíodh mar Limistéar Speisialta faoi Iarscríbhinní éagsúla MARPOL agus atá ainmnithe mar Limistéar Muirí Fíor-Íogair.

Dá bhrí sin, cuireann an Fhionlainn, an Eastóin agus an Laitvia i dtábhacht an gá atá le loingseoireacht faoi dhálaí oighir agus saintréithe speisialta long oighear-aicmithe araon a chur san áireamh go cothrom sa treoir. Thairis sin, cuireann an Fhionlainn, an Eastóin agus an Laitvia i dtábhacht gur gá iad sin a chur san áireamh sa treoir fiú tar éis 2030.